



gaineamh



ag scipeáil



féar

An Fiosraitheoir

TASC 1:

Cad is maith leat féin a dhéanamh sa chlós ag am sosa?


TASC 2:

Is fearr leis na buachaillí peil. Ainmnigh 5 chluiche eile is féidir a imirt sa chlós.



Foilsachán de chuid CCEA © 2015

Gach lómhá agus léaráid © thinkstock.com



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



TAISCE TUISCEANA



Clós na Scoile

9 Clós na Scoile


Clós na Scoile

Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil ón Luan go dtí an Aoine. Téann siad amach faoin aer ag am sosa agus ag am lóin, má bhíonn sé tirim.

Is maith leis na Naíonáin Bheaga agus leis na Naíonáin Mhóra bheith ag súgradh taobh amuigh. Bíonn siad ag súgradh le **gaineamh** agus le huisce. Bíonn páistí Rang 6 ag cabhrú leo.

Bíonn Rang 1 agus Rang 2 ag súgradh taobh amuigh freisin. Is breá leo bheith ag rith timpeall go tapa. Bíonn rópa fada ag na cailíní agus bíonn siad ag canadh agus iad **ag scipeáil**. Ritheann siad isteach agus amach agus iad ag léim thar an rópa.

Tá cead ag na páistí is sine bheith ag súgradh ar an **bhféar**. Is maith le gach duine bheith ag rásaíocht. Bíonn cuid acu an-tapa. Is fearr leis na buachaillí bheith ag imirt peile. Bíonn gach duine an-torannach ar fad!



Ceisteanna

- 1. Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil:**
 - (a) gach lá scoile.
 - (b) gach seachtain.
 - (c) trí lá sa tseachtain.
- 2. Téann na páistí amach má bhíonn an aimsir:**
 - (a) maith.
 - (b) fliuch.
 - (c) fuar.
- 3. Cé a thugann cabhair do pháistí Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra?**
 - (a) Na páistí is sine sa scoil
 - (b) Páistí Rang 1
 - (c) Páistí ón Naíscoil
- 4. Bíonn cailíní Rang 1 agus Rang 2 ag canadh sa chlós nuair a bhíonn siad:**
 - (a) ag rith.
 - (b) ag léamh leabhar.
 - (c) ag scipeáil.
- 5. Cad é an rud is fearr leis na buachaillí is sine?**
 - (a) Rásaíocht
 - (b) Peil
 - (c) Scipeáil
- 6. Cad é an focal is fearr a chuireann síos ar chlós na scoile?**
 - (a) Ciúin
 - (b) Torannach
 - (c) Cabhrach

